# Nuachtlitir Fhoireann Chomhairleach na Deoise um Oideachas Reiligiúnach Bunscoile



Deoise Chluain Fearta
Deoise na Gaillimhe, Chill Mhic Dhuach agus Chill Fhionnúrach

An Fómhar
2025



# Teachtaireacht ón Easpag Michael

Le linn na bliana seo caite, bhí ár bhfoireann bheag Comhairleoirí Deoise gnóthach ag tabhairt cuairte ar ár mbunscoileanna Caitliceacha ar fud Deoise Chluain Fearta agus Deoise na Gaillimhe, Chill Mhic Dhuach agus Chill Fhionnúrach. Bhí comhráite luachmhara acu leis na Boird Bhainistíochta chomh maith.

Gabhaimid bíochas leis na príomhoidí, na múinteoirí, na cathaoirligh, baill na mBord Bainistíochta, mar aon le pobail na scoileanna ar fad, a d'éascaigh a gcuairteanna agus a chuir fáilte mhór rompu. Gabhaimid buíochas ar leith leis na daltaí a chuaigh i bhfeidhm, lena n-idirghníomhaíocht ó chroí agus lena mbeocht lúcháireach, ar gach duine a bhí páirteach.

Buíochas le Dia go bhfuil an oiread sin daoine tiomanta agus atá lán de chreideamh ag obair inár scoileanna Caitliceacha. Tá ról an-tábhachtach acu. De réir mar a chothaíonn siad intinní agus croíthe na hóige, leagann siad bunchloch dhaingean do thodhchaí ár sochaí agus na hEaglaise. Is iad scoileanna Caitliceacha croí ár bparóistí. Táimid faoi chomaoin mhór ag ár sagairt agus ag muintir na bparóistí áitiúla as an am, an tacaíocht agus an cúnamh a thugann siad dár scoileanna.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leo siúd atá i gceannas ar réimse an oideachais Chaitlicigh bhunscoile inár ndeoisí – an Moinsíneoir Cathal Geraghty agus an tUasal Pat Kelly. Mo bhuíochas ó chroí freisin le foireann dhíograiseach Comhairleoirí na Deoise a bhí páirteach san obair seo.

Tá áthas orm fáilte a chur roimh an Nuachtlitir seo. Tá súil agam go mbeidh sí ina modh cumarsáide agus idirghníomhaíochta idir ár bhfoireann comhairleoirí agus pobail ár scoileanna. Tá súil agam gurb í seo an chéad cheann de go leor nuacht-litreacha.
Go mbeannaí Dia gach duine atá páirteach san obair.

Ceann de na róil is tábhachtaí atá ag Pátrún scoile ná pobal na scoile a spreagadh i gcónaí chun feoil a chur ar a fís bhunaithe – an chúis bhunúsach lena bheith ann.

Is é príomhról ár gComhairleoirí Deoiseacha an caidreamh idir Pátrún na Scoile agus pobal na scoileanna go léir a dhéanamh infheicthe agus a chothú. Déanann siad é seo trí thacaíocht, treoir agus comhairle a thabhairt don phríomhoide, do na múinteoirí agus do phobal uile na scoile. Bíonn siad i mbun idirphlé leis an mBord Bainistíochta freisin, go háirithe trína dtacaíocht do mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh agus do chláir a bhaineann le héiteas na scoile.

# Scoil atá Caitliceach d'Aon Turas

Is éard is scoil atá Caitliceach d'aon turas ann ná scoil ina gcothaítear agus ina gceiliúrtar éiteas agus luachanna Caitliceacha. Tá cleachtadh an chreidimh Chaitlicigh níos leithne ná clár foirmiúil an oideachais reiligiúnaigh; tá sé fite fuaite in gach gné de shaol na scoile.

Cruthaítear scoil atá Caitliceach d'aon turas trí mhachnamh rialta ar an éiteas Caitliceach, trí phaidreoireacht a chur chun cinn ar leibhéal an ranga agus na scoile uile, trí mhothú muintearais a chothú i measc na foirne, na ndaltaí agus na dteaghlach, agus trí luachanna an tSoiscéil a léiriú i ngach a ndéanaimid.

# An Spás Beannaithe

Is ionann spás beannaithe sa seomra ranga nó sa scoil ná áit faoi leith le haghaidh machnaimh, paidir a rá, agus muid a cheangail lenár gcreideamh Caitliceach. Is féidir léis tacaíocht chumhachtach a sholáthar don chlár "I nGrá Dé".



De ghnáth, bíonn siombailí creidimh sa spás seo, mar chros, Bíobla, coinneal, uisce coisricthe, dealbh, Paidrín, bláthanna, éadaí daite chun séasúir éagsúla na bliana Liotúirge a léiriú, agus póstaeir ó "I nGrá Dé" a chlúdaíonn téamaí éagsúla. Ba cheart páistí a spreagadh freisin chun cur leis trí earraí a chruthú agus a chur sa spás, rud a fhágfaidh gur áit níos pearsanta agus níos bríomhaire acu é.

D'fhéadfadh scoileanna smaoineamh freisin ar spás beannaithe a bheith acu sa phríomhbhealach isteach. D'fhéadfadh sé seo treoir a thabhairt do na ranganna uile maidir lena spásanna beannaithe féin a choinneáil agus mar phointe ceangail le tuismitheoirí, agus a chinntiú go bhfuil pobal na scoile ar fad ar an eolas faoi na himeachtaí liotúirgeacha suntasacha a tharlaíonn i rith na bliana.



# An Clár "I nGrá Dé"

Forbraíodh an clár oideachais reiligiúnaigh "I nGrá Dé" chun modhanna foghlama éagsúla a ionchorprú, agus úsáid a bhaint as scéalta, ealaín agus ceol, agus ag an am céanna mothú pobail a chothú trí eispéiris foghlama comhroinnte.

I measc na bpríomh-chodanna tá leabhar do pháistí ina bhfuil scéalta, dánta agus gníomhaíochtaí; lámhleabhar múinteora ina bhfuil pleananna ceachta agus treoir; acmhainní ar líne le hábhair fhorlíontacha; agus leathanaigh teaghlaigh chun rannpháirtíocht thuismitheoirí a spreagadh.

Trí úsáid a bhaint as an leabhar nó as an leabhar oibre, mar aon leis na hacmhainní eile, cuirtear struchtúr ar fáil do mhúinteoirí agus do pháistí chun déileáil leis na téamaí gach seachtain nó coicís. Cuidíonn sé seo chun daingniú a dhéanamh ar thuiscint na bpáistí ar na coincheapa creidimh atá á múineadh.

Ós rud é go bhfuil an clár deartha lena úsáid sa bhaile agus ar scoil ba chóir go mbeadh an leabhar nó an leabhar oibre ar an liosta leabhar gach bliain do na ranganna go léir. Tá sé tábhachtach freisin na leabhair a sheoladh abhaile go tréimhsiúil, rud a thugann deiseanna do thuismitheoirí tacú le foirmiú creidimh a leanaí.

# Post Freagrachta – Comhordaitheoir Oideachais Reiligiúnaigh

Cúis dóchais dúinn a thabhairt faoi deara go bhfuil ról an Chomhordaitheora Oideachais Reiligiúnaigh mar chuid de phost bainistíochta nó de phost freagrachta i roinnt scoileanna sa Deoise.

Déanann an duine seo bainistiú agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm churaclam an oideachais reiligiúnaigh. Tuairiscíonn siad don phríomhoide agus feidhmíonn siad mar phointe teagmhála agus tacaíochta do gach múinteoir i gcúrsaí a bhaineann le hoideachas reiligiúnach.

Is iomaí gné a bhaineann le ról an Chomhordaitheora Oideachais Reiligiúnaigh. Orthu siúd tá imeachtaí reiligiúnacha a eagrú don scoil go léir, clár fógraí scoile nó limistéar taispeána a choinneáil ar bun do chúrsaí reiligiúnacha, a chinntiú go gcuirtear dóthain ama ar fáil don ábhar, agus acmhainní agus tacaíocht chuí a sholáthar do mhúinteoirí.

Cothaíonn Comhordaitheoir Oideachais Reiligiúnaigh cur chuige níos comhsheasmhaí i leith cur i bhfeidhm an chláir oideachais reiligiúnaigh agus léiríonn sé tiomantas na scoile chun éiteas Caitliceach a choinneáil.

# An Fhoghlaim a Dhoiciméadú san Oideachas Reiligiúnach Bunscoile

Sna cuairteanna a thugamar ar scoileanna, chonaiceamar réimse leathan bealaí éifeachtacha, bríocha a bhí oiriúnacha d'aois na ndaltaí chun foghlaim in san Oideachas Reiligiúnach a dhoiciméadú. Seo agaibh cuid acu.
Obair Scríofa: Cuireann irisí, cóipleabhair chreidimh, agus leabhair oibre taifead iontach ar fáil faoin ábhar a clúdaíodh trí úsáid a bhaint as tascanna, saothair ealaíne, agus acmhainní breise.

Tugann taispeántais amhairc agus obair thionscadail mar phóstaeir, líníochtaí agus samhlacha bunaithe ar théamaí éagsúla – carachtair sa Bhíobla, laochra Críostaí, sacraimintí - léargas iontach ar rannpháirtíocht, eolas agus forbairt na bpáistí go soiléir.

Doiciméadú digiteach: Grianghraif agus físeáin de rannpháirtíocht leanaí i liotúirge, i seirbhísí paidreacha, i ndrámaí, in obair charthanachta, nó i ngníomhaíochtaí reiligiúnacha ranga – amhail crosa Naomh Bríd a dhéanamh – a roinntear ar shuíomhanna gréasáin scoileanna, ar bhlaganna, i nuacht litreacha, agus ar ardáin eile, chomh maith le bheith ar taispeáint sna scoileanna.

Obair ó Bhéal: Léiríonn plé ranga agus na rudaí a dúradh le linn ár gcuairteanna eolas agus tuiscint na bpáistí ar na topaicí a mhúintear i Oideachas Reiligiúnach.

# Ceol agus Oideachas Reiligiúnach

Bíonn daltaí ag canadh agus ag seinm go hálainn mar chuid dá ranganna Oideachais Reiligiúnaigh, agus bíonn cuid acu ag canadh i rith a lae scoile go léir!

Tá sé tábhachtach a chuimhneamh go dtacaítear le gach téama de chuid "I nGrá Dé" le hamhráin agus píosaí taitneamhacha ceoil atá oiriúnach do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Maidir leis na hamhráin a bheidh á múineadh ba cheart go mbeadh siad oiriúnach d'aois na leanaí agus go mbainfear taitneamh astu agus go dtógfar iad ón gclár "I nGrá Dé" seachas ó Alive-O nó ó chláir níos sine fós. Is breá le páistí i ngach rang na hamhráin ó "I nGrá Dé" agus neartaíonn siad teachtaireacht Íosa. Lean ar aghaidh ag canadh.
"Is ionann canadh agus guí faoi dhó." – Naomh Agaistín





"Sa teaghlach, cuirtear an bheatha agus an creideamh ar aghaidh glúin i ndiaidh glúine. Roinntear é cosúil le bia ag bord an teaghlaigh agus cosúil leis an ngrá inár gcroíthe. Ar an mbealach seo, bíonn teaghlaigh ina n-áiteanna faoi leith inar féidir bualadh le hÍosa a thuann grá dúinn agus a bhíonn ag iarraidh ár leas a dhéanamh i gcónaí"
*(Aifreann Iubhaile na dTeaghlach, 2025)*

# An Scoil agus an Paróiste a Nascadh

Saibhríonn an nasc idir scoil agus paróiste an t-oideachas reiligiúnach agus cuidíonn sé le páistí a gcreideamh a fheiceáil á chur i ngníomh. Tá scoileanna á dhéanamh seo ar go leor bealaí:

- Tá cuairteanna an tsagairt ar an scoil an-tábhachtach mar go gcuireann na páistí aithne air agus faigheann sé an deis an scoil a áireamh i gceiliúradh na paróiste agus labhairt le ranganna, go háirithe iad siúd atá ag ullmhú do na sacraimintí.

- Nuair a fhreastalaíonn ranganna ar Aifreann ar dhálaigh na seachtaine san eaglais, nó nuair a thugann siad cuairt ar an eaglais le haghaidh amanna ciúine machnaimh nó ag amanna speisialta den bhliain, foghlaimíonn siad faoi liotúirge agus traidisiúin na hEaglaise agus tugtar deiseanna dóibh rannpháirtíocht measúil agus urnaitheach an phobail a dhaingniú agus a thuiscint gur baill iad de phobal áitiúil na heaglaise.

- Páistí sna hardranganna a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eaglaise ar nós freastal ag an Aifreann, dul isteach sa chór, paidreacha an phobail a léamh, nó a bheith páirteach i liotúirge na bpáistí nuair a bhíonn siad ar fáil.

- Cruthaítear nasc lúcháireach idir an scoil agus an pharóiste trí ghníomhaíochtaí paróiste a bhaineann leis na páistí a chur i nuacht litreacha na scoile agus páirt a ghlacadh in imeachtaí paróiste (e.g. drámaí na Nollag ag ceiliúradh na Nollag).

- Má spreagann scoileanna páistí a gcuid tallann a úsáid chun freastal ar dhaoine eile agus smaoineamh ar na daoine atá i ngátar trí chuairteanna a thabhairt ar thithe altranais nó trí bhailiú airgid d'eagraíochtaí fiúntacha ina bparóiste. Léiríonn taispeántais amhairc agus obair thionscadail ar nós póstaeir, líníochtaí agus samhlacha bunaithe ar théamaí éagsúla – carachtair sa Bhíobla, laochra Críostaí, sacraimintí – rannpháirtíocht, eolas agus forbairt na bpáistí go soiléir.

- Doiciméadú digiteach: Grianghraif agus físeáin de rannpháirtíocht leanaí i liotúirge, i seirbhísí paidreacha, i ndrámaí, in obair charthanachta, nó i ngníomhaíochtaí reiligiúnacha ranga – amhail crosa Naomh Bríd a dhéanamh – a roinntear ar shuíomhanna gréasáin scoileanna, ar bhlaganna, i nuacht litreacha, agus ar ardáin eile, chomh maith le bheith ar taispeáint sna scoileanna.

- Obair ó bhéal: Léiríonn plé ranga agus na rudaí a deirtear le linn ár gcuairteanna eolas agus tuiscint na bpáistí ar na topaicí a mhúintear san Oideachas Reiligiúnach.



# Foghlaim Conas Urnaí a Dhéanamh

Leagtar béim sa chlár "I nGrá Dé" ar phaidir mar mhodh cumarsáide le Dia, caidreamh a chothú leis, agus freagra a thabhairt ar a ghrá trí ghníomhartha. Múineann an clár paidreacha traidisiúnta (paidreacha ó bhéal) do pháistí, spreagann sé coincheap na paidre machnaimh, áit ar féidir le páistí labhairt le Dia go príobháideach, agus leagann sé béim ar an bhfíric go mbaineann paidir freisin le freagra a thabhairt ar ghrá Dé trí ghrá agus meas a léiriú do dhaoine eile agus don saol a chruthaigh Dia.

Spreagtar páistí chun buíochas a ghabháil, guí ar son treorach, agus idirghuí a dhéanamh ar son na ndaoine atá i ngátar. Spreagtar páistí paidreacha séasúracha a bhaineann leis na tráthanna Liotúirgeacha a rá – an Aidbhint, an Nollaig, an Carghas, an Cháisc – agus spreagtar iad páirt a ghlacadh i bpaidreacha an phobail. Tá sé mar aidhm ag "I nGrá Dé" cabhrú le páistí caidreamh pearsanta le Dia a fhorbairt trí bheith ag guí agus ceanglaítear guí le Scrioptúr, na Soiscéil go háirithe, mar bhealach chun briathar Dé a thuiscint agus maireachtáil dá réir.Tá ionad urnaí i seomraí ranga an-tábhachtach chun tacú le téama na paidreoireachta, mar atá úsáid acmhainní uile an chláir agus rannpháirtíocht thuismitheoirí chun na ceachtanna a foghlaimítear ar scoil a threisiú.

# Ráiteas Misin na Scoile

An bhfuil ráiteas soiléir misin ag do scoilse? An gcuimsíonn sé sin fréamhacha Caitliceacha do scoile, a croí-luachanna, agus an chaoi a bhfuil sé mar aidhm agaibh na luachanna sin a chur i bhfeidhm mar phobal foghlama. Ar a ceapadh ráiteas misin do scoile trí phróisis mheasúnaithe a raibh gach páirtí leasmhar páirteach ann? An bhfuil ráiteas misin na Scoile léirithe go soiléir? An bhfuil tionchar aige ar bheartais do scoile? Cén tionchar a bhíonn aige ar bhur ngníomhaíochtaí laethúla? An bhfuil amanna ceaptha agaibh sa bhliain nuair a fhilleann sibh ar bhur ráiteas misin, le go spreagfaidh sé sibh? Cad é an uair dheireanach a ndearna sibh athbhreithniú ar an ráiteas agus é a athnuachan?

# Nasc Daonna

Cuireann Comhairleoirí na Deoise nasc daonna ar fáil idir an Pátrún agus pobal uile na scoile. Tá sé seo fíor go háirithe i gcás an Bhoird Bhainistíochta, an phríomhoide, na múinteoirí agus na daltaí. Tá sé mar aidhm ag an ról sin cumarsáid a neartú idir na páirtithe leasmhara seo go léir agus tacú le gach duine atá bainteach leis agus iad a spreagadh maidir le leas na scoile.

Ar bhealach speisialta, tá sé de chúram ar Chomhairleoirí na Deoise tacú le clár an Phátrúin (I nGrá Dé) i seomraí ranga scoileanna Caitliceacha sa deoise. Baineann sé seo le rannpháirtíocht lúcháireach na ndaltaí a dhearbhú, agus ag an am céanna tacú le múinteoirí agus scoileanna an clár a chur i láthair chomh dílis agus is féidir, ag baint úsáide as scéalta sa Bhíobla, paidreacha agus amhráin mholta ar leibhéal cuí do gach rang.



# An Bord Bainistíochta agus Comhairleoir na Deoise

Leagtar amach sa Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna cuspóir, feidhmeanna agus bunús bord bainistíochta scoile. Is é an bord an comhlacht a cheapann an Pátrún chun an scoil a bhainistiú thar a cheann. Leagtar amach feidhmeanna an bhoird bhainistíochta in alt 15 den Acht Oideachais 1998, ina bhforáiltear, inter alia, an méid seo a leanas, "Is é dualgas boird an scoil a bhainistiú thar ceann an phátrúin agus ar mhaithe leis na mic léinn agus a dtuismitheoirí agus oideachas cuí a sholáthar nó a chur faoi deara é a sholáthar do gach mac léinn ar an scoil a bhfuil freagracht ar an mbord sin ina leith."

Ós rud é go ndéanann an bord a chuid oibre thar ceann an Phátrúin, cinneadh go mbeadh Comhairleoirí na Deoise i láthair ag cruinniú boird chomh maith le cuairt a thabhairt ar na ranganna. Is é cuspóir atá le freastal ar chruinniú boird ná aiseolas a thabhairt ar an gcuairt scoile agus treoir a thabhairt don bhord maidir lena fhreagracht as éiteas Caitliceach na scoile. Ba é seo an chéad uair a iarradh ar Comhairleoirí na Deoise an tasc breise seo a ghlacadh orthu féin. Is é an rud a d'fhoghlaimíomar ná gurb é an cleachtas is fearr cuairt phearsanta a thabhairt ar gach bord. Ní raibh sé seo indéanta in gach cás, agus i gcás inar fhreastail Comhairleoir na Deoise ar an gcruinniú boird trí Zoom nó ar an teileafón, ní raibh an idirghníomhaíocht chomh sásúil agus a bhí sé nuair a bhí an Comhairleoir in ann freastal go pearsanta. Oibreoimid chun é seo a fheabhsú don bhliain scoile nua.

Cuireann Comhairleoir na Deoise nasc luachmhar ar fáil idir an scoil agus an Pátrún i ndáil le héiteas Caitliceach na scoile. San am atá thart, nuair a bhíodh sagart ar gach bord agus sagart ina chónaí i ngach paróiste, measadh gurbh é sin an duine a chinntigh éiteas Caitliceach na scoile, agus tacaíocht an bhoird, phríomhoide na scoile, agus fhoireann na scoile aige. Anois caithfidh an bord a bheith freagrach as cothú, cur chun cinn agus ar chothabháil an éitis Chaitlicigh i gcomhar leis an bpríomhoide agus leis an bhfoireann. Is féidir le Comhairleoir na Deoise comhairle luachmhar a chur ar fáil maidir le héiteas Caitliceach agus feidhmíonn sé mar nasc díreach idir an scoil agus an Pátrún.

Táimid buíoch de na Boird Bainistíochta as éascú cuairteanna na gComhairleoirí. Táthar ag súil go bhfoghlaimeoimid ó thaithí chuairteanna na bliana seo caite, go bhfeabhsóimid iad nuair is gá, agus go dtabharfaimid aird ar dea-chleachtas agus ar an éiteas láidir Caitliceach atá ina lán dár scoileanna.

**Is pobail chreidimh agus foghlama iad ár scoileanna Caitliceacha. Is áiteanna iad ina mhaireann daoine de réir an tSoiscéil gach lá, áit ina ndéantar ceiliúradh ar shéasúir na hEaglaise le paidreacha agus ina bhfoghlaíonn páistí faoi shaibhreas ár dtraidisiúin. I seomraí ranga, i spásanna beannaithe agus i rithimí an tsaoil laethúil, bíonn an t-éiteas Caitliceach le feiceáil go bríomhar beoga." An tEaspag Michael**



# Scoil Chaitliceach

Maidir le Scoil Chaitliceach …

- Cuireann sí fáilte roimh an gcuardaitheoir agus an té atá ag iarraidh comhairle a fháil ar thuras na beatha.
- Tugann sí ómós don dínit a bhronn Dia ar gach duine.
- Déanann sí féiniúlacht uathúil gach mac léinn agus gach ball foirne a cheiliúradh.
- Tá sí spreagtha ag fís saoil agus stíl mhaireachtála atá bunaithe ar phearsa agus ar eagna Íosa Críost.
- Measann sí gur cairde maithe seachas sean-naimhde iad creideamh agus réasún, reiligiún agus eolaíocht.
- Cothaíonn sí nádúr fiosrach intinn an duine.
- Luíonn sí leis na mianta is doimhne i gcroí an duine.
- Spreagann sí an chuid is fearr d'oibreacha eolaíocha agus acadúla.
- Bíonn idirphlé aici leis an domhan agus leis an gcultúr ina bhfuil sí.
- Cothaíonn sí tuiscint ar reiligiún agus tuiscint reiligiúnach ar an saol.
- Bíonn sí ag iarraidh an duine ar fad a fhorbairt – corp, intinn agus spiorad.
- Úsáideann sí urnaí chun aitheantas a thabhairt d'fhéastaí agus do shéasúir na bliana liotúirgí.
- Aithníonn sí ról na dtuismitheoirí mar phríomhoideachasóirí i gcúrsaí saoil agus creidimh.
- Cothaíonn sí dea-chaidrimh laistigh de phobal creidimh foghlama atá cruthaitheach, cothaitheach agus tacúil.
- Is áit ghrámhar í – áit ina dtugtar an dara seans do dhaoine.
- Feiceann sí í féin mar chuid dhílis den phobal níos leithne .i. an Eaglais.
- Cuireann sí fáilte roimh thraidisiúin reiligiúnacha eile agus dearcaí saolta, léiríonn meas orthu agus foghlaimíonn uathu.
- Spreagann sí mian ina scoláirí athrú dearfach ó bhun a dhéanamh orthu féin, ar a bpobail agus ar fud an domhain.
- Is ábhar imní di daoine laga, na boicht, daoine faoi mhíbhuntáiste agus daoine imeallaithe.
- Tugann sí aire don domhan agus cuireann sí freagracht éiceolaíoch chun cinn.

"Go hachomair, ciallaíonn sé seo an ceann, na lámha agus an croí a fhoirmiú le chéile: an nasc idir foghlaim, déanamh agus mothú a chaomhnú agus a fheabhsú sa chiall is uaisle. Ar an mbealach seo, beidh tú in ann ní hamháin curaclam acadúil den scoth a thairiscint, ach fís chomhtháite den saol atá spreagtha ag teagasc Chríost freisin." (An Pápa Proinsias, Óráid do Rannpháirtithe Thionscadal na Grásta, 2022)



# Príomhthéamaí atá ag Teacht Chun Cinn

**Tús áite ag an Éiteas Caitliceach**

- Iarrtar ar scoileanna a bheith ina scoileanna Caitliceacha d'aon ghnó, áit a bhfuil an creideamh fite fuaite i ngach gné den saol laethúil.
- Coinníonn spásanna beannaithe, liotúirgí, urnaí, luachanna an tSoiscéil, agus comharthaí infheicthe creidimh an t-éiteas beo.

**An Scoil mar Phobal Creidimh agus Foghlama**

- Is mó ná áiteanna oideachais iad scoileanna; is pobail iad ina bhfeiceann páistí an creideamh á chleachtadh.
- Saibhríonn an nasc leis an bparóiste saol na scoile agus cothaíonn sé tuiscint go bhfuil siad ina mbaill d'Eaglais níos leithne.

**Comhpháirtíocht leis an bPátrún**

- Neartaíonn Comhairleoirí na Deoise an caidreamh idir an Pátrún agus an scoil.
- Tacaíonn siad le múineadh oideachais reiligiúnaigh, spreagann siad éiteas, agus soláthraíonn siad nasc daonna.

**Foirmiú trí Churaclam agus Cleachtas**

- Tá an clár Fás i nGrá tábhachtach maidir le soláthar acmhainní don scoil agus don bhaile.
- Déanann ceol, ealaín, meáin dhigiteacha, obair scríofa, agus freagraí ó bhéal doiciméadú agus doimhniú ar an chaoi a bhfuil na ndaltaí ag déileáil leis an gcreideamh.

**Ceannaireacht agus Freagracht**

- Tá freagracht chomhroinnte ar Bhoird Bhainistíochta as an éiteas Caitliceach a chothabháil.
- Tá poist freagrachta do Chomhordaitheoirí Oideachais Reiligiúnaigh cruthaithe ag roinnt scoileanna, rud a chinntíonn comhsheasmhacht agus tacaíocht.

**Urnaí agus Adhradh mar Chleachtas Laethúil**

- Múintear urnaí mar chumarsáid le Dia, agus tacaítear léi le foirmeacha traidisiúnta, machnamhacha agus séasúracha.
- Cuidíonn adhradh pobail, naisc pharóiste, agus spásanna urnaí sa seonra ranga le páistí a fhréamhú sa chreideamh beo.

# BUAIL LENÁR BHFOIREANN




An Moinsíneoir Cathal Geraghty



An tUasal Pat Kelly



Claire Hynes, Uasal



Josephine Curran, Uasal



Neasa Flaherty, Uasal



Niamh Morris, Uasal



Maree O'Connell, Uasal

An Moinsíneoir Cathal Geraghty
Cathaoirleach na Rúnaíochta Oideachais, Cluain Fearta
education@clonfertdiocese.ie

An tUasal Pat Kelly
Cathaoirleach na Rúnaíochta Oideachais, Gaillimh
education@galwaydiocese.ie

Claire Hynes, Uasal, Comhairleoir Deoise – chynes@anghailil.ie

Josephine Curran, Uasal, Comhairleoir Deoise – jcurran@anghailil.ie

Neasa Flaherty, Uasal, Comhairleoir Deoise – nflaherty@anghailil.ie

Niamh Morris, Uasal, Comhaoirleoir Deoise – nmorris@anghailil.ie

Maree O'Connell, Uasal, Comhaoirleoir Deoise – moconnell@anghailil.ie




JUBILEE 2025

PILGRIMS OF HOPE

WWW.ANGHAILIL.IE
WWW.CLONFERTDIOCESE.IE
WWW.GALWAYDIOCESE.IE